CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1103 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Iúil 2021

maidir le haitheantas a thabhairt do shocruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin na Brasaíle i dtaca le hidirbhearta díorthach a dhéanfaidh institiúidí de chuid na Brasaíle faoi rialachán Central Bank of Brazil ("Banc Ceannais na Brasaíle") mar shocruithe atá coibhéiseach le ceanglais áirithe a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le sásra lena dtugtar cumhacht don Choimisiún cinntí coibhéise a ghlacadh lena ndearbhaítear go bhfuil socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin tríú tír coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ionas, i dtaca leis na contrapháirtithe a dhéanann idirbheart faoi réir an Rialacháin seo, sa chás ina mbeidh contrapháirtí amháin ar a laghad de na contrapháirtithe bunaithe sa tríú tír sin, go measfar go mbeidh na hoibleagáidí sin comhlíonta ag na contrapháirtithe sin ach iad na ceanglais a leagtar amach i gcóras dlí na tíre sin a chomhlíonadh. Leis an dearbhú coibhéise rannchuidítear aidhm uileghabhálach Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bhaint amach, mar atá an riosca sistéamach a laghdú agus trédhearcacht mhargaí na ndíorthach a mhéadú trína áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhsheasmhach ar an leibhéal idirnáisiúnta na prionsabail a comhaontaíodh le tríú tíortha agus a leagtar síos sa Rialachán sin.

(2) Le hAirteagal 11(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, Rialachán a fhorlíontar le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún ([2]) agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún ([3]), bunaítear ceanglais dlí an Aontais maidir le conradh díorthach thar an gcuntar a dheimhniú go tráthúil, le feidhmiú comhbhrú punainne a dhéanamh agus leis na socruithe ar dá réir a dhéantar punanna a réiteach i ndáil le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach ("CPL"). Chomh maith leis sin, leagtar síos sna forálacha sin na hoibleagáidí luachála agus na hoibleagáidí maidir le réiteach díospóidí is infheidhme maidir leis na conarthaí sin ("teicnící um maolú riosca oibríochtúil") chomh maith leis na hoibleagáidí maidir le malartú comhthaobhachta ("éarlaisí") idir contrapháirtithe.

(3) Chun go measfar córas dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin tríú tír a bheith coibhéiseach le córas dlí an Aontais i ndáil le teicnící um maolú riosca oibríochtúil agus ceanglais éarlaisí, ba cheart toradh substainteach na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme a bheith coibhéiseach le ceanglais an Aontais faoi Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus ba cheart cosaint a áirithiú don rúndacht ghairmiúil a bheadh coibhéiseach leis an rúndacht ghairmiúil dá bhforáiltear in Airteagal 83 den Rialachán. Thairis sin, ní mór na socruithe coibhéiseacha dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach,

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála ar shocruithe imréitigh indírigh, leis an oibleagáid imréitigh, leis an gclár poiblí, le rochtain ar ionad trádála, le contrapháirtithe neamhairgeadais, agus le teicnící um maolú riosca le haghaidh conarthaí díorthach OTC nach bhfuil imréitithe ag CPL (IO L 52, 23.2.2013, lch. 11).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála maidir le teicnící um maolú riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach (IO L 340, 15.12.2016, lch. 9).

cothromasach agus neamhshaofa sa tríú tír sin. Dá bhrí sin, is cuid den mheasúnú ar choibhéis a fhíorú cé acu a áirithítear nó nach n-áirithítear socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin tríú tír nach ndéanann conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL agus a dhéanann contrapháirtí amháin ar a laghad atá bunaithe sa tríú tír sin margaí airgeadais san Aontas a fhágáil ar neamhchosaint ar leibhéal riosca is airde agus, dá bhrí sin, nach mbaineann leibhéil riosca shistéamaigh leo atá neamh-inghlactha san Aontas.

(4) Ní ar anailís chomparáideach ar na ceanglais dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme sa Bhrasaíl amháin atá an Cinneadh seo bunaithe, ach ar mheasúnú ar thoradh na gceanglas sin freisin, agus ar a leordhóthanacht chun na rioscaí a eascraíonn ó chonarthaí nach bhfuil imréitithe ag CPL a mhaolú ar bhealach a mheastar a bheith coibhéiseach le toradh na gceanglas a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(5) Leagtar amach na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme sa Bhrasaíl i dtaca le conarthaí díorthach thar an gcuntar i ndlíthe chomh maith le ciorcláin, rúin agus treoracha a d'eisigh Banc Ceannais na Brasaíle ("BCB"), Comissão de Valores Mobiliários ([An Coimisiún Urrús], "CVM") agus Conselho Monetário Nacional ([An Chomhairle Airgeadais Náisiúnta], "CMN"). Go háirithe, le Riail 6.385/76 rialaítear margadh urrús na Brasaíle; Le hOrdú CVM 461/07, rialaítear margaí urrús rialáilte, lena gcuimsítear stocmhalartáin eagraithe, margadh eagraithe thar an gcuntar agus margadh neamheagraithe thar an gcuntar; Leagtar amach i gCiorclán BCB 3.082/02 na critéir maidir leis an gcur chuige cuntasaíochta i leith díorthaigh faoi úinéireacht institiúidí airgeadais agus institiúidí eile faoi mhaoirseacht BCB maoirseacht; Le Rún CMN 3.505/07 rialaítear conarthaí díorthach thar an gcuntar a rinne institiúidí airgeadais na Brasaíle agus institiúidí eile a ndearna BCB maoirseacht orthu; Le Rún CMN 4.277/13 bunaítear ceanglais maidir le marcáil de réir an mhargaidh agus marcáil de réir samhla i dtaca le conarthaí díorthach a rinne institiúidí airgeadais agus institiúidí eile faoi mhaoirseacht BCB; Le hOrdú CVM 438/06 bunaítear ceanglais maidir le marcáil de réir an mhargaidh i dtaca le cineálacha áirithe cistí frithpháirteacha; Le Rún 4.662/18 cuimsítear ceanglais éarlaise déthaobhacha; Le Rún BCB 3.263/05 cumhdaítear comhbhrú punainne; Le Rún CMN 4.373/14 leagtar síos ceanglais le haghaidh infheisteoirí neamhchónaitheacha a dhéanann idirbhearta díorthach thar an gcuntar sa Bhrasaíl agus, ar deireadh, le Rialacha 4.595/64, 6.385/76, 10.214/01, 12.810/13, rialaítear an rúndacht ghairmiúil, maoirseacht agus forfheidhmiú.

(6) Le Rún BCB 3.263/05 ní leagtar síos aon oibleagáid maidir le comhbhrú punainne a dhéanamh ná ní chuimsítear ann aon mholadh chuige sin. Fágann sé áfach gur féidir d'institiúidí airgeadais agus d'institiúidí eile a ndearna BCB maoirseacht orthu comhaontú a dhéanamh faoina gceadaítear comhbhrú punainne. Níl aon reachtaíocht shonrach ann maidir le próisis réitigh próiseas réitithe díospóidí. Is leis na stórtha trádála a chinntear na rialacha maidir le réiteach díospóidí. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil socruithe na Brasaíle coibhéiseach le ceanglais an Aontais maidir le comhbhrú punainne agus réiteach díospóidí.

(7) Ní mór idirbhearta díorthach thar an gcuntar a thuairisciú do stór trádála atá bunaithe sa Bhrasaíl agus a rialaítear sa Bhrasaíl le haon eintiteas Brasaíleach dá ndéanann idirbheart díorthach. De réir Riail 6.385/76, braitheann bailíocht idirbhirt ar í a thuairisciú chuig stór trádála. I gcomhréir le Rún CMN 4.373/14, maidir le hinfheisteoirí neamhchónaitheacha a dhéanann idirbhearta díorthach thar an gcuntar sa Bhrasaíl, ní mór iad a chlárú le CVM agus ní mór dóibh a bheith ag cloí le dearbhuithe ar a n-idirbhearta atá ceangailteach ó thaobh dlí. Ós rud é gur gá don dá pháirtí an t-idirbheart a thuairisciú, níl ceanglas dlí ann seachas rialacha an stóir trádála maidir leis na hidirbhearta a dhearbhú, punanna déthaobhacha a réiteach nó díospóidí a réiteach. Braitheann an dearbhú ar an tuairisciú agus is go comhuaineach leis an tuairisciú a dhéantar é. Ní mór an tuairisciú a dhéanamh a luaithe is féidir agus is iondúil go ndéantar é an lá céanna a dhéantar an t-idirbheart. Ar an gcuma chéanna, ós rud é go ndéanann an dá pháirtí na hidirbhearta a thuairisciú agus go ndéanann na stórtha trádála iad a dhearbhú i gcomhthráth leis an tuairisciú, níl ceanglas ann réiteach punainne a dhéanamh toisc nach féidir, trí bhíthin a ndeartha, aon neamhréireacht a bheith idir punanna na gcontrapháirtithe. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go bhfuil socruithe na Brasaíle i dtaca le dearbhú agus réiteach punainne coibhéiseach leis na ceanglais chomhfhreagracha de chuid an Aontais.

(8) Faoi Rún CMN 3.505/07 agus Rún CMN 4.277/13, sainordaítear go laethúil an luacháil, trí mharcáil de réir an mhargaidh nó marcáil de réir samhla, i gcás banc is déileálaithe, bhrainsí áitiúla na mbanc coigríche, fhochuideachtaí áitiúla na mbanc coigríche chomh maith le cistí agus bainisteoirí sócmhainní, agus é sin uile faoi rialú BCB. Níl feidhm ag an oibleagáid maidir le comharchumainn, le hárachóirí, le hathárachóirí, le cistí pinsin ná le contrapháirtithe corparáideacha neamhairgeadais eile nach bhfuil oibleagáid orthu luacháil laethúil a dhéanamh

ach amháin nuair a bhaineann siad le hilchuideachta airgeadais ina n-áirítear freisin ilbhanc, banc tráchtála, banc infheistíochta, banc malairte nó banc taisce. Dá réir sin, féadfar a mheas go bhfuil na socruithe Brasaíleacha coibhéiseach le ceanglais chomhfhreagracha an Aontais a mhéid go bhfuil an cinneadh seo teoranta d'idirbhearta a dhéantar le contrapháirtithe faoi rialú BCB.

(9) Ó tá oibleagáid ann idirbhearta díorthach thar an gcuntar a thuairisciú do stórtha trádála a rialaítear sa Bhrasaíl agus le hiarmhairtí dlí na hoibleagáide sin, is féidir, dá bhrí sin, cur chuige dhá leibhéal a chur san áireamh i gcás na Brasaíle agus is féidir a mheas, maidir le deimhniú tráthúil agus réiteach punainne, go bhfuil na ceanglais is infheidhme sa Bhrasaíl coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún. Thairis sin, tá na rialacha is infheidhme sa Bhrasaíl maidir le luacháil laethúil coibhéiseach leo sin a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún a mhéid a dhéantar na hidirbhearta le bainc is déileálaithe, le brainsí áitiúla na mbrainsí coigríche, le fochuideachtaí áitiúla na mbanc coigríche, cistí agus bainisteoirí sócmhainní chomh maith le comharchumainn, árachóirí agus athárachóirí, cistí pinsin agus contrapháirtithe corparáideacha neamhairgeadais eile a bhaineann le hilchuideachta airgeadais ina n-áirítear freisin ilbhanc, banc tráchtála, banc infheistíochta, banc malairte nó banc taisce. Á chur san áireamh gur contrapháirtithe faoi rialú BCB a dhéanann tromlach na n-idirbheart díorthach trasteorann thar an gcuntar, ba cheart an cinneadh seo a bheith teoranta d'idirbhearta a dhéantar idir contrapháirtithe faoi rialú BCB agus contrapháirtithe atá bunaithe san Aontas agus faoi réir an cheanglais chomhfhreagraigh faoi Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún.

(10) Maidir leis na héarlaisí le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL, is éard a bheidh i gceanglais cheangailteacha na Brasaíle Rún CMN 4.662/18 agus Ciorclán BCB 3.902/18 (rialacha éarlaisí na Brasaíle).

(11) Mar a leagtar síos i rialacha éarlaisí na Brasaíle, gach contrapháirtí faoi raon feidhme, is institiúidí airgeadais iad nó is institiúidí eile iad faoi rialú BCB a bhfuil meánmhéid barúlach comhiomlán grúpa oibríochtúil idirbheart faoi raon feidhme acu atá os cionn BRL 25 billiún. Le hidirbhearta a thagann faoi raon feidhme, cuimsítear sraith idirbheart díorthach thar an gcuntar atá coibhéiseach le hidirbhearta de chuid Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, cé is moite d'idirbhearta dhíorthaigh tráchtearraí a shocraítear go fisiceach, ach idirbhearta ina n-áirítear díorthaigh óir a mheastar a bheith ina n-idirbhearta faoi raon feidhme san áireamh, idirbhearta a chumhdaítear faoi rialacha éarlaise an Aontais ach nach gcumhdaítear faoi rialacha éarlaisí na Brasaíle; agus roghanna cothromais, roghanna a chumhdaítear faoi rialacha éarlaisí na Brasaíle ach a thairbhíonn de dhíolúine shealadach faoi Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2016/2251 ón gCoimisiún. Ina theannta sin, agus ar an gcuma chéanna leis an gcreat is infheidhme san Aontas, idirbhearta ionghrúpa, idirbhearta réamh-mhalairte eachtraí agus babhtálacha a shocraítear go fisiciúil agus idirbhearta a dhéantar le hionstraimí ar a ndéantar sainmhíniú atá comhchosúil leis an sainmhíniú a dhéantar ar bhannaí san Aontas, tá díolúine acu sin ón tacar idirbheart faoi raon feidhme. Ba cheart iad a áireamh, áfach, agus meánmhéid barúlach comhiomlán an ghrúpa oibríochtúil á chinneadh. Níor cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag an gcinneadh seo maidir le díorthaigh tráchtearraí a shocraítear go fisiceach, cé is moite de dhíorthaigh óir.

(12) Ní mór do chontrapháirtithe faoi raon feidhme éarlaisí athrúcháin a phostáil agus a bhailiú ón 1 Meán Fómhair 2019 i leith. Contrapháirtithe faoi raon feidhme a bhfuil meánluach barúlach comhiomlán grúpa oibríochtúil faoi raon feidhme os cionn BRL 2,250 billiún acu, caithfidh siad éarlais tosaigh a phostáil agus a bhailiú ón 1 Meán Fómhair 2019 i leith agus ní mór do chontrapháirtithe faoi raon feidhme atá faoi bhun na tairsí éarlais tosaigh a phostáil agus a bhailiú ón 1 Meán Fómhair 2020 i leith. Dá bhrí sin, beidh an cinneadh seo teoranta d'idirbhearta idir contrapháirtithe atá faoi réir Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus contrapháirtithe faoi raon feidhme atá faoi réir an cheanglais maidir le héarlaisí athrúcháin agus le héarlaisí tosaigh a phostáil agus a bhailiú faoi rialacha éarlaisí na Brasaíle.

(13) Faoi rialacha éarlaisí na Brasaíle, is é BRL 1.5 milliún íosmhéid aistrithe comhcheangailte na n-éarlaisí tosaigh agus na n-éarlaisí athrúcháin a cheadaítear, ach is é EUR 500 000 an tairseach in Airteagal 25 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. Faoi rialacha éarlaise na Brasaíle, is féidir freisin éarlais tosaigh a laghdú faoi mhéid suas go dtí BRL 150 milliún. Contrapháirtithe faoi raon feidhme a bhfuil méid comhcheangailte éarlaisí tosaigh acu atá faoi bhun na tairsí sin, ní cheanglaítear orthu éarlaisí tosaigh a mhalartú. Foráiltear le hAirteagal 29 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 maidir le faoiseamh ó dhleacht den chineál céanna, lena socrófar an tairseach ag EUR 50 milliún. Agus an difríocht imeallach idir luach na n-airgeadraí sin á cur san áireamh, ba cheart na méideanna sin a mheas mar mhéideanna coibhéiseacha.

(14) Amhail an modh caighdeánaithe lena ríomhtar an éarlais tosaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, is féidir, faoi rialacha éarlaise na Brasaíle, úsáid a bhaint as samhail chaighdeánaithe atá coibhéiseach leis an tsamhail a leagtar amach san Iarscríbhinn thuasluaite. Mar sin féin, faoi rialacha éarlaise na Brasaíle, ní féidir úsáid a bhaint as samhlacha inmheánacha ná as samhlacha tríú páirtí chun an éarlais tosaigh a ríomh. Na ceanglais dá bhforáiltear faoi rialacha éarlaise na Brasaíle maidir le héarlais tosaigh, cé gur ceanglais iad is sriantaí ná na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, ba cheart, mar sin féin, a mheas gur ceanglais choibhéiseacha iad chun críoch an chinnidh seo.

(15) Na ceanglais faoi rialacha éarlaise na Brasaíle maidir le comhthaobhacht incháilithe, agus le luacháil na comhthaobhachta incháilithe sin, agus leis an gcaoi a sealbhaítear agus a scartar an chomhthaobhacht, tá siad coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. Faoi rialacha éarlaise na Brasaíle, foráiltear maidir le liosta coibhéiseach de chomhthaobhacht incháilithe ach ní cheanglaítear ar chontrapháirtithe faoi na rialacha sin an chomhthaobhacht arna bailiú a éagsúlú go réasúnta, lena n-áirítear trí urrúis a bhfuil leachtacht íseal acu a theorannú d'fhonn comhchruinniú comhthaobhachta a sheachaint, ar bhealach comhchosúil le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil feidhm ag na ceanglais chomhchruinnithe sin faoi Airteagal 8 maidir le contrapháirtithe de chuid an Aontais, is féidir teacht ar an gconclúid maidir le toradh na gceanglas comhthaobhachta faoi chur i bhfeidhm rialacha éarlaise na Brasaíle go bhfuil an toradh sin coibhéiseach le toradh Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. Dá bhrí sin, rialacha éarlaise na Brasaíle maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL, ba cheart a mheas go bhfuil siad coibhéiseach leis na rialacha dá bhforáiltear faoi Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(16) Maidir leis an leibhéal coibhéiseach cosanta don rúndacht ghairmiúil sa Bhrasaíl, aon sonra a bhaineann le hidirbhearta díorthach, le Rialacha 4.595 (1964), 6.385 (1976), 10.214 (2001), agus 12.810 (2013), tugtar de chumhacht don BCB agus don CVM na sonraí sin a iarraidh ó stórtha trádála. Chomh maith leis sin, le Riail Chomhlántach 105 (2001) (LC 105), sonraítear nach mór na sonraí go léir a láimhseáil mar shonraí rúnda. Sa chomhthéacs sin, más rud é go mbíonn sonraí ó stórtha trádála na Brasaíle ag teastáil ó aon údarás baile nó ó aon údarás eachtrach eile, ba cheart don údarás sin iarraidh fhoirmiúil a chur faoi bhráid BCB agus/nó CVM a dhéanfadh a chuid anailíse agus aird á tabhairt ar na srianta arna bhforchur le LC 105, i measc na nithe eile, agus dhéanfaí, dá réir sin, anailís ar bhonn cás ar chás féachaint an bhfuil gá le comhaontú foirmiúil. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go soláthraítear leis na dlíthe seo in éineacht le chéile leibhéal cosanta don rúndacht ghairmiúil atá coibhéiseacha lena ráthaítear i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(17) Is é CMN an t-údarás is airde i gcóras airgeadais náisiúnta na Brasaíle, agus is é atá freagrach as beartais airgeadaíochta agus creidmheasa i gcoitinne a fhoirmliú. Tá BCB faoi réir CMN agus is é BCB atá freagrach as an mbeartas airgeadaíochta, as cúlchistí idirnáisiúnta a bhainistiú, as maoirseacht bhaincéireachta agus as maoirseacht a dhéanamh ar chaipiteal agus ar chreidmheas eachtrach. Déanann BCB forfheidhmiú ar rialacháin stuamachta agus gníomhaíonn sé mar údarás airgeadaíochta freisin, agus mar sin tá sé freagrach as cobhsaíocht shistéamach a áirithiú. Chun srian a chur le cleachtais neamhrialta, chun bearta oideachais a chur chun feidhme agus chun dul i ngleic le cásanna ina bhféadfadh an córas airgeadais náisiúnta a bheith i mbaol, féadfaidh BCB pionóis riaracháin a eisiúint, bearta réamhchúraim nó bearta sealadacha a ghlacadh, litir ghealltanais a eisiúint agus fionraíochtaí nó srianta a fhorchur. Tá CVM faoi réir CMN agus is é atá freagrach as rialáil agus maoirseacht a dhéanamh ar na margaí caipitil, lena n-áirítear eisitheoirí urrús, malartuithe agus margaí thar an gcuntar, agus ar na hinstitiúidí atá ina gcuid den chóras chun urrúis a dháileadh. Is é is aidhm do CVM an margadh a choinneáil éifeachtúil agus forbairt a chothú, agus féachann sé freisin le hinfheisteoirí a chosaint agus le cleachtais chothroma a chothabháil i margadh na n-urrús, agus forfheidhmíonn sé na rialacha maidir le nochtadh faisnéise agus le trédhearcacht faisnéise. Na bearta atá ar fáil do BCB agus do CVM, ba cheart a mheas go bhforáiltear leo ar bhealach atá cothromasach agus neamhshaofa maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach na socruithe ábhartha dlí, rialála agus forfheidhmiúcháin faoi rialacha díorthach thar an gcuntar na Brasaíle, chun maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú.

(18) Aithnítear sa Chinneadh seo coibhéis na gceanglas ceangailteach a leagtar amach i ndlí na Brasaíle maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar is infheidhme tráth glactha an Chinnidh seo. Déanfaidh an Coimisiún faireachán go rialta, i gcomhar le ESMA, ar éabhlóid na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin i dtaca leis na conarthaí díorthach thar an gcuntar sin agus ar a gcur chun feidhme comhsheasmhach éifeachtach, maidir le deimhniú tráthúil, comhbhrú punainne agus réiteach punainne, luacháil, réiteach díospóidí agus na ceanglais éarlais is infheidhme maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar, nach bhfuil imréitithe ag CPL a ndearnadh an Cinneadh seo ina leith. Mar chuid d'iarrachtaí faireacháin an Choimisiún, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar BCB agus CVM faisnéis a sholáthar maidir le forbairtí rialála agus maoirseachta. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú sonrach a dhéanamh tráth ar bith i gcás ina bhfágfaidh forbairtí ábhartha gur gá don Choimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar an dearbhú coibhéise a dheonaítear leis an gCinneadh seo. D'fhéadfadh sé go n-aisghairfí an Cinneadh seo de thoradh an athmheasúnaithe sin, rud a d'fhágfadh go huathoibríoch go mbeadh na contrapháirtithe faoi réir na gceanglas uile a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 arís.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Eorpach um Urrúis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun críocha Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin atá ag an mBrasaíl i dtaca le deimhniú tráthúil, luacháil laethúil agus réiteach punainne a chuirtear i bhfeidhm maidir le hidirbhearta a rialaítear mar dhíorthaigh thar an gcuntar ag Banc Ceannais na Brasaíle ("BCB") agus An Coimisiún Urrús, ("CVM"), agus nach bhfuil imréitithe ag CPL, measfar iad a bheith coibhéiseach le ceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 d'Airteagail 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i gcás inar contrapháirtí faoi raon feidhme chun críoch rialacha éarlaise na Brasaíle is ea contrapháirtí amháin ar a laghad sna hidirbhearta sin.

Airteagal 2

Chun críocha Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin atá ag an mBrasaíl i dtaca le deimhniú tráthúil, luacháil laethúil agus réiteach punainne a chuirtear i bhfeidhm maidir le hidirbhearta a rialaítear mar dhíorthaigh thar an gcuntar ag Banco Central do Brasil ("BCB") agus An Coimisiún Urrús ("CVM"), agus nach bhfuil imréitithe ag CPL, measfar iad a bheith coibhéiseach le ceanglais mhír 3 d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i gcás inar contrapháirtí faoi raon feidhme chun críoch rialacha éarlaise na Brasaíle is ea contrapháirtí amháin ar a laghad sna hidirbhearta sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN